

Acht Míchumais 2005

Measúnú riachtanais

Má rugadh do pháiste tar éis an 1ú Meitheamh 2002, d'fhéadfadh go bhfuil sé/sí i dteideal cur isteach ar mheasúnú riachtanais faoin Acht Míchumais 2005.

Faoi Chuid 2 den Acht, tá na cearta seo a leanas ag páistí incháilithe:

- measúnú ar a gcuid riachtanais sláinte agus oideachasúla a eascraíonn óna m(h)íchumas
- Tuairisc Mheasúnaithe;
- ráiteas i leith na seirbhísí a chuirfear ar fáil dóibh;
- gearán a dhéanamh sa chás go bhfuil siad mí-shásta le h-aon chuid den phróiseas.

Cé ar féidir leis/léi measúnú a iarraidh?

Is féidir le tuismitheoir ar bith measúnú a iarraidh má cheapann sé/sí go bhfuil míchumas éigin ar a p(h)áiste, (páiste a rugadh tar éis 1ú Meitheamh 2002). Is féidir le caomhnóir dlíthiúil nó pléadálaí pearsanta atá ceaptha ag An mBord Um Fhaisnéis do Shaoránaigh iarratas a dhéanamh (glaoigh ar 0761 07 9000 nó féach www.citizensinformationboard.ie).

Cad is brí le measúnú riachtanais?

Is ionann measúnú riachtanais faoin Acht Míchumais 2005 agus measúnú ar réimse iomláin riachtanais do pháiste bainteach lena m(h)íchumas áirithe ar leith. Bainfidh an measúnú seo le riachtanais iomlán do pháiste mar gheall ar an míchumas áirithe atá air/uirthi, agus ní leis na riachtanais gur féidir seirbhísí a sholáthar ina leith i láthair na h-uaire, amháin. Ina dhiaidh sin, gheobhaidh tú Tuairisc Mheasúnaithe a léireoidh riachtanais do pháiste agus na seirbhísí atá de dhíth i gcomhair na riachtanais sin.

Cé a dhéanfaidh an measúnú?

Is é/í d'Oifigeach Measúnaithe Áitiúil atá freagrach as measúnú do pháiste agus is é/í sin do chéad phointe teagmhála. Tá Oifigeach Measúnaithe i ngach Oifig Sláinte Áitiúil. Is féidir leo cabhrú le h-iarratas do pháiste agus tabharfaidh siad cabhair agus tacaíocht duit le linn an phróisis. Tá an t-Oifigeach Measúnaithe freagrach as tuairisc mheasúnaithe do pháiste a eisiúint.

Déanfar an measúnú in ainneoin costais nó seirbhísí a bheith ar fáil.

Déanfar gach measúnú de réir na caighdeáin an Údarás um Fhaisnéis agus Cáilíocht Sláinte (HIQA).

Spreagfar tú chun a bheith páirteach i measúnú do pháiste.

Cén áit a dhéantar iarratas?

Ní mór iarratais a dhéanamh i scríbhinn, ar fhoirm chaighdeánach atá ar fáil ó d'Oifig Sláinte Áitiúil. Glaoigh ar líne chabhrach an FSS ag 1850 24 1850 nó féach ar www.hse.ie i gcomhair liosta de na hOifigí Sláinte Áitiúla in Éirinn.

Cén fhad a thógfaidh sé?

Ní mór measúnú do pháiste a thosú taobh istigh de thrí mhí ón dáta a ghlac FSS leis an bhfoirm iarratais chomhlánaithe. Ní mór an measúnú a bheith críochnaithe taobh istigh de thrí mhí eile ón dáta a cuireadh tús leis. I gcásanna eisceachtúla, b'fhéidir go nglacfaidh an measúnú níos faide ná na trí mhí, ach ní mór é a chríochnú a luaithe agus is féidir.

Cad a tharlóidh ansin?

Nuair atá an measúnú críochnaithe, réiteoidh Cásbhainisteoir FSS, d'fhéadfadh gur Oifigeach Teagmhála a thabharfar air/uirthi, Ráiteas Seirbhíse duit. Inseoidh an Ráiteas Seirbhíse duit, cad iad na seirbhísí agus na tacaíochtaí a chuirfear ar fáil dod' pháiste. Réiteofar an ráiteas seirbhíse seo taobh istigh de mhí amháin ón dáta ar chríochnaigh an measúnú. Gheobhaidh tú tuairisc mheasúnaithe do pháiste agus an ráiteas seirbhíse ag an am céanna.

Cad is féidir liom a dhéanamh má bhíonn mé míshásta?

Mura bhfuil tú sásta leis an measúnú nó an Ráiteas Seirbhíse, is féidir leat gearán a dhéanamh le FSS agus déanfaidh FSS socrú chun athbhreithniú a dhéanamh ar do chás. Is féidir leat gearán a dhéanamh ar na cúiseanna seo a leanas:

1. Cinneann an t-Oifigeach Measúnaithe nach sásaíonn do pháiste an t-sainmhíniú mhíchumais de réir an Achta agus go n-easaontaíonn tusa.
2. Níor cuireadh tús leis nó níor críochnaíodh measúnú do pháiste taobh istigh den tréimhse ama mar atá leagtha síos san Acht. Caithfear tús a chur le measúnú do pháiste chomh luath agus is féidir ach gan dul thar trí mhí ón dáta a fuarthas d'fhoirm iarratais chomhlánaithe. Ní mór é a chríochnú laistigh de thrí mhí eile, ón dáta a gcuirtear tús leis.
3. Creideann tú nach bhfuil measúnú do pháiste déanta de réir chaighdeáin mheasúnaithe an Údarás um Fhaisnéis agus Cáilíocht Sláinte (HIQA).
4. Creideann tú go bhfuil an t-ábhar atá i Ráitis Seirbhíse do pháiste mí-chruinn nó mí-cheart.

5. Níor cuireadh seirbhís atá luaite i Ráiteas Seirbhíse do pháiste ar fáil dó/di.

Is féidir leat achomharc a dhéanamh chuig Oifigeach Achomhairc Mhíchumais neamhspleách má bhíonn tú mí-shásta le toradh do ghearán. Is cinneadh deireanach, cinneadh an oifigigh achomhairc. Is trí chás Ard-Chúirte ar phointe dlí amháin gur féidir achomharc a dhéanamh ina dhiaidh sin.

Breis eolais

Ní mór duit d'iarratais a dhéanamh i scríbhinn ar an bhfoirm chaighdeánach atá ar fáil ó d'Oifig Sláinte Áitiúil. Glaoigh ar líne chabhrach FSS ag 1850 24 1850 nó féach ar www.hse.ie i gcomhair liosta de na hOifigí Sláinte Áitiúla in Éirinn.